# Nuacht Fhine Gall

Eisiúint № 12

Nollaig 2019




# COMHAIRLE NA BLIANA

**Ainmnítear Fine Gall mar Údarás Áitiúil na Bliana don dara huair le ceathrar bliana anuas.** **Féach Lch 6 & 7**

## ISTIGH



**Léirítear onóir ar Sheaimpín Dornálaíochta Niamh** **- Lch 17**



**Cuirtear tionscnamh GoCar Pobail i láthair** **- Lch 16**



**Seoltar Sráideanna Scoile** **- Lch 4-5**

25 BLIANA YEARS | Comhairle Contae Fhine Gall Fingal County Council

**Do Chomhairle ag obair duitse**

# Teachtaireacht ón Méara



Tá tréimhse na Nollag faoi lánseol anois, ach leanann obair na Comhairle ar aghaidh agus táimid chomh gnóthach anois agus a bhíomar riamh.
Ghlac an Chomhairle le buiséad nua €269 milliún i Samhain don bhliain 2020 chun seirbhísí agus infheistíocht a sholáthar do chónaitheoirí Fhine Gall. Cuireadh tús leis an bpróiseas buiséid seo díreach i ndiaidh gur toghadh an Chomhairle nua i Meitheamh agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe sa Ghrúpa Beartais Chorparáidigh agus leis an bhfoireann ar fud na ranna sa Chomhairle as an obair a rinne siad chun méadú ar sheirbhísí a sholáthar do gach duine i bhFine Gall.

Ainmníodh Comhairle Contae Fhine Gall mar Údarás Áitiúil na Bliana ag Dámhachtainí Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann i mbliana. Bhí onóir orm glacadh leis an dámhachtain seo i dteannta AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach, ag an imeacht in Óstán an Crowne Plaza, Seantrabh.

Aithníonn an dámhachtain seo sárobair fhoireann Fhine Gall Gall ar fud na ranna go léir, chomh maith leis na baill thofa a oibríonn le chéile chun an áit is fearr le cónaí ann, le hoibriú ann, le cuairt a thabhairt air agus le gnó a dhéanamh ann a dhéanamh d'Fhine Gall agus chuaigh sé go croí ionaim gur aithníodh sinn mar an gComhairle is fearr in Éirinn.

Sheolamar an chéad tionscnamh Sráideanna Scoile riamh in Éirinn i Mullach Íde i Samhain Dúnadh stráice de Bhóthar an Gharráin, lasmuigh den bhealach isteach chuig Bunscoil Oilibhéir Pluincéad go sealadach i rith amanna fágála agus bailithe chun timpeallacht níos sábháilte agus níos glaine a chur ar fáil do leanaí chun taisteal chuig an scoil.

B'iontach an seoladh é agus ghlac gach duine a bhí i láthair páirt sa scéim fad a shúgraigh leanaí ar an tsráid lasmuigh sular thug siad aghaidh ar an scoil chun freastal ar cheachtanna. Tá súil agam go mbeidh an rath geal ar an tionscnamh píolótach seo agus go dtabharfar isteach é i measc scoileanna eile i bhFine Gall dá bharr. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach, agus leis an Rannóg um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid na Rannóige Oibríochtaí i gComhairle Contae Fhine Gall, ach go háirithe, as an tsárobair a rinne siad chun an tionscnamh seo a chur i ngníomh.

Ba mhaith liom Nollaig Shona agus Athbhliain faoi shíocháin agus faoi rath a ghuí ar gach duine i bhFine Gall. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl, chomh maith, do na heagraíochtaí spóirt agus pobail, anuas ar ghnólachtaí atá bunaithe i bhFine Gall ar dheas liom casadh leo i rith na chéad sé mhí de mo théarma mar Mhéara. Is rímhór againn go léir i gComhairle Contae Fhine Gall an obair a dhéanann sibh in bhur bpobail.

An Comh. Eoghan O'Brien
Méara Fhine Gall

# Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach



Bhí na cúpla mí deiridh de 2019 rathúil agus gnóthach i gComhairle Contae Fhine Gall. D'fhéachamar le comóradh 25ú bliain na Comhairle a chur i gcrích go rathúil.

Ghlac an Chomhairle lena buiséad le haghaidh 2020 tráth a bhfeicfear infheistíocht mhéadaithe i seirbhísí d'Fhine Gall. Sheolamar an tionscnamh Sráid na Scoile ina ndéantar iarracht feabhas a chur ar shláinte agus ar shaol na leanaí atá ag freastal ar bhunscoileanna i bhFine Gall.

Ainmníodh Comhairle Contae Fhine Gall mar Údarás Áitiúil na Bliana ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Éireann. Ghlac mé leis an dámhachtain thar ceann na Comhairle in éineacht le Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien.

Tugann an dámhachtain sin aitheantas don obair chrua ar fad a rinne comhaltaí agus foireann Chomhairle Contae Fhine Gall i mbliana. Féachaimid i gcónaí le scoth na hoibre a dhéanamh agus tá ríméad orainn dá bharr sin an dámhachtain seo a bhuachan.

Seoladh an tseirbhís Carranna sa Phobal i mí na Samhna. Tá an treoirscéim, an chéad cheann dá leithéid, ag féachaint le dul i ngleic le heisiamh sóisialta a fhulaingíonn daoine a chónaíonn in áiteanna iargúlta agus tabharfar rochtain ar iompar do dhaoine nach bhfuil seirbhísí bus sách maith acu nó nach bhfuil in ann dul ar an mbus mar gheall ar dheacrachtaí soghluaiste.

Leagadh Plean nua Ealaíon amach i mí na Samhna i gCaisleán Shoird agus leagtar amach ár straitéis le haghaidh forbairt na n-ealaíon as seo go ceann seacht mbliana. Is cuid riachtanach de shaol daoine iad na healaíona agus féachaimid i gcónaí le tacú leis na healaíona inár bpobal. Táimid mórtasach as an obair a dhéanaimid chun tacú leis na healaíona i bhFine Gall agus infheistiú iontu.

Tá súil agam go mbainfidh tú sult as an eagrán is déanaí seo de Fingal News agus má tá aon mholtaí nó aiseolas agat maidir leis an iris seol i ríomhphost iad chuig fingalnews@fingal.ie.

Ba mhaith liom Nollaig Shona agus Bliain Nua faoi Shéan is faoi Mhaise a ghuí ar gach duine i bhFine Gall.

AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach




# BOSCAÍ BRUSCAIR CHLISTE INBHALCTHA GRIAN CHUMHACHTAITHE SEOLTA

Sheol Comhairle Contae Fhine Gall 35 bosca bruscair inbhalctha grianchumhachtaithe i bpríomhbhaile turasóireachta Bhinn Éadair, tar éis scéim thrialach ar éirigh go maith léi.

Tá braiteoirí ar na boscaí bruscair a thugann rabhadh d'fhoireann na Comhairle nuair a bhíonn na boscaí bruscair lán, mar aon le troitheáin ionas nach gcaithfear iad a láimhseáil agus plapaí a choinníonn faoileáin agus francaigh amach astu. Tiocfaidh an 35 bosca bruscair chliste in ionad 70 bosca bruscair traidisiúnta a bhí i gceantar Bhinn Éadair.

Bronnadh an tairiscint ar PEL Waste Reduction Equipment, cuideachta déantúsaíochta Éireannach, trí chomórtas tairisceana oscailte a bhí á bhainistiú ag Comhairle Contae Fhine Gall.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien: "Tá ríméad orm gur tugadh aitheantas do PEL Waste Reduction Equipment le Gradam Nuálaíochta an Irish Times sa chatagóir Déantúsaíochta agus Deartha i gcomhair 2019.

"Aithním an tábhacht atá leis an gComhairle ag obair le cuideachtaí cosúil le PEL Waste i dtionscnaimh amach anseo le haghaidh teicneolaíochtaí déantúsaíochta agus glasa.

Dúirt David Storey, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Fhine Gall, An Rannóg Oibríochtaí: "Tugann an teicneolaíocht rabhadh dúinn nuair a bhíonn na boscaí bruscair le folmhú mar sin ní rachaidh siad thar maoil agus ní bheidh costas mór ar an gComhairle ag glanadh suas ina ndiaidh.

"Oibríonn na boscaí bruscair inbhalctha seo le córas balctha comhtháite agus braiteoir ultrasonach nuair a bheidh an bosca lán a chuireann sonraí chuig deais dhigiteach maidir le leibhéil líonta na mboscaí bruscair agus riachtanais bailithe."



Dúirt Caroline Power, Oifigeach Riaracháin le haghaidh Rannóg Oibríochtaí Bhinn Éadair/Mhullach Íde: "Tugann na boscaí bruscair nua inbhalctha grianchumhachtaithe leibhéal seirbhíse níos éifeachtúla. Tháinig laghdú substaintiúil tar éis a suiteála ar bhutaí toitíní lasmuigh den Stáisiún DART i mBinn Éadair".

Tá Comhairle Contae Fhine Gall meáite ar na boscaí bruscair inbhalctha grianchumhachtaithe a sheoladh amach chuig limistéir uirbeacha eile sa chontae.

# €95,000 bronnta faoin Scéim Deontas um Spórt Óige

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tar éis €95,000 a bhronnadh ar 91 cumann spóirt ar fud Fhine Gall faoin Scéim Deontas um Spórt Óige. Tá Comhairle Contae Fhine Gall tar éis €95,000 a bhronnadh ar 91 cumann spóirt ar fud Fhine Gall faoin Scéim Deontas um Spórt Óige.

Ag cruinniú de chuid na Comhairle iomláine a tionóladh i rith na seachtaine seo, cheadaigh Comhairleoirí an maoiniú seo a úsáid chun €1,050 a leithdháileadh ar gach ceann de na 91 eagraíocht ar éirigh lena n-iarratas.

Is é is cuspóir do na Deontais um Spórt Óige ná cabhrú le cumainn spóirt atá ar an bhfód cheana féin trealamh a cheannach agus táillí réiteoireachta/cóitseála a íoc, agus tá sé mar phríomhaidhm ag an scéim leibhéil na rannpháirtíochta ina bpobail áitiúla a fheabhsú.

Rinne Oifig Spóirt Fhine Gall, ar cuid de ghréasán Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spórt Éireann í, cuireadh a thabhairt do chumainn spóirt iarratas a dhéanamh ar dheontas beag faoin scéim seo. Chun an deontas a fháil, bhí ar na hiarratasóirí roinnt critéir a chomhlíonadh, amhail spóirt do dhaoine óga a bheith mar phríomhaidhm acu, chomh maith le coiste deonach bainistíochta a bheith acu freisin agus baill thofa air.

Dar le Méara Fhine Gall, an Clr Eoghan O'Brien: "Tá ríméad orm go bhfuil an maoiniú seo á leithdháileadh ar eagraíochtaí spóirt ar fud Fhine Gall a bhfuil ról thar a bheith tábhachtach acu i sláinte agus folláine ár ndaoine óga. Ba mhaith liom moladh a thabhairt do na hoibrithe deonaithe go léir a thugann a gcuid ama agus a gcuid fuinnimh ó chroí dá gclubanna.

Dúirt Príomhoifigeach Spóirt Chomhairle Contae Fhine Gall, Marion Brown: "Is cuid ríthábhachtach de shaol an duine óig é an spórt agus tá áthas an domhain orm go bhfuil aitheantas á thabhairt air sin agus go bhfuilimid in ann maoiniú a chur ar fáil do na clubanna spóirt roghnaithe chun a chinntiú gur féidir le daoine óga i bhFine Gall leanúint ar aghaidh de thaitneamh a bhaint as spórt ina gclubanna áitiúla."



# Turas chun scoile tar éis éirí sábháilte i Mullach Íde mar gheall ar an Tionscnamh Sráideanna Scoile

Rinneadh an bealach isteach go Scoil Náisiúnta Naomh Oilibhéar Pluincéid a athrú ó bhonn maidin an lae inniu ó bhóthar a bhí plódaithe go clós súgartha bríomhar a bhí lán de leanaí agus iad ag súgradh i gcuideachta lena gcairde roimh a gceachtanna.

Bhí Méara Fhine Gall, an Clr. Eoghan O'Brien, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, comhairleoirí áitiúla, foireann na comhairle agus daoine ó na meáin chumarsáide ann chun a fheiceáil dóibh féin an rath atá bainte amach ag an tionscnamh Sráideanna Scoile sna sé lá di a bheith i bhfeidhm lasmuigh de Naomh Oilibhéar Pluincéid.

Dúirt Méara Fhine Gall, An Clr. Eoghan O'Brien: "Is plean uaillmhianach é an tionscnamh Sráideanna Scoile. Ní raibh sé inbhaunaithe an cuma a bhí ar chúrsaí maidir leis an trácht a bhíodh taobh amuigh de na scoileanna Scoil Naomh Aindriú agus Scoil Naomh Oilibhéir Pluincéid, agus tá an acmhainneacht ag an scéim seo go mbainfear an-rath amach léi agus go mbeidh an-bhuntáiste le buachan ar mhaithe le gach aon duine sa phobal.

Má leanann ar aghaidh leis an gclár píolótach seo a obair go maith, measaim féin gurbh fhéidir go gcuirfear Sráideanna Scoile i mbun in áiteanna eile i ngach cearn d'Fhine Gall timpeall ar scoileanna reatha agus scoileanna nua araon. Is éard atá i gceist le Sráideanna Scoile ná tionscadal chun sábháilteacht agus folláine na daltaí a fhreastalaíonn ar an dá scoil, Scoil Naomh Oilibhéar Pluincéid agus Scoil Náisiúnta Naomh Aindriú, a chur chun cinn. Tá cuid de Bhóthar an



Gharráin lasmuigh de Bhunscoil Naomh Oilibhéar Pluincéid tiontaithe ina chrios do choisithe agus rothaithe, saor ó charranna ar bhonn sealadach, ar an 18 Samhain chun spás níos sábháilte, níos glaine atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a chruthú taobh amuigh den scoil.

Is é an tionscnamh seo an chéad cheann dá leithéid a bheith curtha i bhfeidhm ag aon údarás áitiúil in Éirinn agus rinne Coiste Ceantair Bhinn Éadair-Mhullach Íde é a fhaomhadh ag an gcruinniú a tionóladh ar an 6 Samhain. Cuireadh an scéim Sráideanna Scoile i bhfeidhm mar gheall ar na dúshláin tráchta a bhí ann timpeall ar Bhunscoil Naomh Pluincéid agus Bhunscoil Naomh Aindriú, atá lonnaithe in aice le Bóthar an Gharráin agus Bóthar na hEaglaise, faoi seach.

I measc na ndúshlán atá i gceist, áiríodh an plódú ag geata na scoile, chomh maith leis an bpáirceáil neamhshábháilte, cosáin a bheith blocáilte, rioscaí sábháilteachta bóthair mar gheall ar fheithiclí a bheith ag gluaiseacht timpeall, leanaí a bheith neamhchosanta don truailliú aeir iomarcach, agus leanaí a bheith ag brath iomarca ar charranna agus gan a bheith aclaí go leor.

Leis an tionscnamh seo, táthar ag cur crios coisithe ar fáil ar Bhóthar an Gharráin, áit a mbeidh rochtain ar fheithiclí chuig an chuid seo den bhóthar srianta le linn amanna fágála agus bailithe na scoile. Is iad na hamanna feidhme ná 8:30-9: 15am agus 1:00-2:45pm, Luan go hAoine, i rith an téarma scoile amháin.

I measc na ndíolúintí a bhaineann le Sráideanna Scoile, áirítear sealbhóirí Suaitheantais Mhíchumais, más rud é go bhfuil siad ina gcónaí laistigh den chrios, agus cónaitheoirí a bhfuil ceadú páirceála acu agus atá ina gcónaí ar Bhóthar an Gharráin, idir Bóthar na hEaglaise agus an Aird. Bíonn múinteoirí Scoil Naomh Oilibhéar Pluincéid ann ag an scoil sula dtosaíonn an lá scoile ag 8:30 r.n.

Lean Méara Fhine Gall, an Clr. Eoghan O'Brien ar aghaidh: "Táim ag iarraidh ar na páirtithe leasmhara uile - idir thuismitheoirí, leanaí, chónaitheoirí agus ghnólachtaí tacú leis an tionscnamh seo. Tá an staid atá ar chúrsaí timpeall ar ár scoileanna neamh-inbhuanaithe amach is amach agus ní mór dúinn ár n-iompraíochtaí a oiriúnú chun oibriú i dtreo slí nua, sábháilte agus inbhuanaithe chun rudaí a dhéanamh. Tá áthas orm go mbeidh Mullach Íde ag tabhairt an cheannaireacht maidir leis an scéim seo, agus an chéad Tionscnamh de chuid Sráideanna Scoile in Éirinn curtha i bhfeidhm ann. Tá sé cruthaithe go n-oibríonn an cur chuige seo go han-mhaith i dtíortha eile agus má thugann gach aon duine tacaíocht di, féadfar dúinn é a chur i gcrích go rathúil."

Dúirt Stiúrthóir na nOibríochtaí i gComhairle Contae Fhine Gall, David Storey: "Tá an tionscnamh seo á thabhairt isteach chun dul i ngleic leis na saincheisteanna suntasacha a bhaineann leis an tsábháilteacht tráchta timpeall ar Bhunscoil Naomh Oilibhéar Pluincéid agus Bunscoil Naomh Aindriú. Creidimid go laghdóidh an scéim seo na rioscaí a bhaineann leis an trácht ar bhóithre lasmuigh de na scoileanna tar éis dúinn dul i mbun comhairle leis na páirtithe leasmhara uile, agus go mbeifear in ann timpeallacht níos sábháilte, níos glaine, níos glaise agus níos sláintiúla a cur ar fáil do leanaí agus dá dtuismitheoirí ag an am céanna."

Tá áiseanna Páirceála & Siúil Saor in Aisce curtha ar fáil do thuismitheoirí agus do leanaí a fhreastalaíonn ar aon cheann den dá scoil ag Carrchlós Bridge Field, Carrchlós an Chúlbhóthair agus Carrchlós Seabanks nach bhfuil ach siúlóid 10 go 15 nóiméad ó na scoileanna, ar a mhéad. Eiseofar ceadanna páirceála do thuismitheoirí uile dhaltaí Scoil Naomh Oilibhéar Pluincéid chun an pháirceáil a éascú i Mullach Íde le linn na n-amanna fágála agus bailithe.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tar éis dul i mbun comhairle fhorleathan i gcomhar le páirtithe leasmhara agus leanfar orthu plé a dhéanamh leo le linn na trialach chun a fháil amach an bhfuil aon choigeartú nó oiriúnú ag teastáil le linn na scoilbhliana. Má éiríonn leis an scéim thrialach seo, leathnófar an tionscnamh amach chuig scoileanna eile i bhFine Gall ina mbeadh sé oiriúnach.




# Is í Comhairle Contae Fhine Gall Údarás Áitiúil na Bliana 2019

Ainmníodh Comhairle Contae Fhine Gall mar Údarás Áitiúil na Bliana ag Gradaim Feabhais i Rialtas Áitiúil Chambers Ireland.

Ainmníodh Fine Gall in aon chatagóir déag ar leith agus bhain sé amach dhá ghradam mar a ainmníodh Our Balbriggan sa ghradam Dea-chleachtas i Rannpháirtíocht Saoránach agus Féile Cloicheán Bhá Bhaile Átha Cliath sa ghradam Féile na Bliana.

Bhronn Siobhán Kinsella, Uachtarán Chambers Ireland an Gradam ar Mhéara Fhine Gall, an Comh Eoghan O'Brien agus ar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, ag Féasta Bronnta na nGradam a bhí ar siúl in Óstán Crowne Plaza sa Seantrabh.

Agus é ag glacadh leis an ngradam, dúirt Méara Fhine Gall, an Comh Eoghan O'Brien: "Is mór an onóir é seo do Chomhairle Contae Fhine Gall, dá comhaltaí tofa agus dá foireann. Oibrímid go léir le chéile ionas go mbeidh Fine Gall mar an áit is fearr chun cónaí ann, oibriú ann, cuairt a thabhairt air agus gnó a dhéanamh ann agus téann sé go croí ionainn a bheith aitheanta mar an Chomhairle is fearr in Éirinn, go háirithe agus muid ag comóradh 25 bliain ar an bhfód i mbliana."

Is é seo an tríú huair i 11 bliain gur ainmníodh Údarás Contae Fhine Gall mar Údarás Áitiúil na Bliana ag Gradaim Feabhais i Rialtas Áitiúil agus bhain sé amach an gradam roimhe seo in 2009 agus 2016.

Dúirt an Príomhfheidhmeannach: "Is aitheantas é seo ar an obair iontach a dhéanann ár bhfoireann agus ár gcomhaltaí tofa gach lá thar ceann shaoránaigh Fhine Gall. Léiríonn sé freisin gur Comhairle forásach muid agus go bhfuilimid ag lorg bealaí nua agus níos fearr i gcónaí chun ár seirbhísí a chur ar fáil. "

Agus comhghairdeas á dhéanamh aige le Comhairle Contae Fhine Gall as Gradam Údarás Áitiúil na Bliana a bhaint amach don dara huair i gceithre bliana, dúirt Príomhfheidhmeannach Chambers Ireland, Ian






Talbot: "Tá an Gradam seo d'Údarás Áitiúil na Bliana tuillte go maith ag Comhairle Contae Fhine Gall. Léirigh siad rannpháirtíocht i ngnéithe éagsúla de phobal Fhine Gall, agus le forbairt agus inbhuanaitheacht cheantair agus chomhshaol Fhine Gall, chun an gradam seo a bhaint amach. Tá moladh tuillte ag Comhairle Contae Fhine Gall as a dtiomantas freastal a dhéanamh ar a bpobal, agus próifíl an cheantair a ardú go náisiúnta mar cheann scríbe ar leithligh, agus tá an teideal Údarás Áitiúil na Bliana tuillte acu. "

Ar na tionscadail eile de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall a bhí ar an ngearrliosta do Ghradaim bhí:

Healthy Fingal Learning Portal sa ghradam Sláinte agus Folláine

The Fingal Events Unit sa ghradam Tacú le Turasóireacht

End to end Mobile Solution for Private Rented Dwelling Inspections sa ghradam Nuálaíocht na nÚdarás Áitiúil

Pollinator Friendly Free Tree Initiative sa ghradam Comhshaol Inbhuanaithe

STEAM through Fingal sa ghradam An tSeirbhís Leabharlainne is Fearr

Smart Street Furniture sa ghradam Timpeallacht Uirbeach a Fheabhsú

Caomhnú, Athchóiriú agus Leathnú an Casino, Mullach Íde sa ghradam An Oidhreacht Thógtha agus Oidhreachta

Irish Aphasia Theatre sa ghradam Soláthar Seirbhísí Míchumais

The Acorn Project sa ghradam Tionscnaimh Aoisbháúla





# Liosta na ngradam a bhuaigh an Chomhairle ar fáil

D'éirigh go hiontach le Comhairle Contae Fhine Gall ag deireadh na bliana nuair a fuair roinnt tionscadal aitheantas ag an leibhéal náisiúnta.

Bhuaigh an Rannóg Pobail an Gradam Cumarsáide as an tionscadal ACORN ag na Gradaim Náisiúnta Aitheantais agus Gaisce don Aoisbhá.
Ag na Gradaim Barr Feabhais de chuid Innealtóirí Éireann, bhuaigh an Rannóg Ailtireachta an gradam Oidhreachta agus Caomhantais as a hobair nuálacha ag Caisleán Shoird.

Anuas air sin, bronnadh gradam na Seirbhíse Is Fearr Fóillíochta/Turasóireachta ar Theach agus Feirm Dhroichead Nua ag na Gradaim Barr Feabhais sa Ghnó agus Freagrachta Sóisialta Corparáidí de chuid Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath san Óstán Crowne Plaza.

Le linn na hoíche, bronnadh onóir ar Mhéara Fhine Gall, An Comhairleoir Eoghan O'Brien, agus ar an bPríomhfheidhmeannach, AnnMarie Farrelly, mar aitheantas do chomóradh 25 bliain Chomhairle Contae Fhine Gall.









# ÁBHAR BRÓID FHINE GALL

D'éirigh thar barr le Fine Gall ag Gradaim Mhórtas Ceantair IPB nuair a bronnadh an gradam don 'Chomharsanacht Uirbeach is Fearr' ar Bhaile an Phléimeannaigh, Baile Brigín agus ba iad cónaitheoirí Eastát Bhaile an Fhaoitigh, Baile Átha Cliath 15 a fuair an dara duais sa chatagóir 'Eastát Tithíochta is Fearr'.

D'éirigh thar barr le Fine Gall ag Gradaim Mhórtas Ceantair IPB nuair a bronnadh an gradam don 'Chomharsanacht Uirbeach is Fearr' ar Bhaile an Phléimeannaigh, Baile Brigín agus ba iad cónaitheoirí Eastát Bhaile an Fhaoitigh, Baile Átha Cliath 15 a fuair an dara duais sa chatagóir 'Eastát Tithíochta is Fearr' ag searmanas na nGradam i gCill Chainnigh ar thráthnóna Dé Sathairn. Bhailigh 900 ionadaí ó chontaetha ar fud na hÉireann in Óstán Eastát Lyrath le haghaidh na ngradam Bliantúil Mórtas Ceantair, á reáchtáil ag Comhairle Contae Chill Chainnigh.

Áirítear comharsanacht Bhaile an Phléimeannaigh in iarthuaisceart Bhaile Brigín i measc ceann de na pobail nua is tapa fás in Éirinn agus is é an tlonad Pobail nua i mBaile an Phléimeannaigh an mol comharsanachta as a d'eascair go leor clubanna agus grúpaí nua le blianta beaga anuas. Bhí na moltóirí thar a bheith tógtha leis an éagsúlacht mhór clubanna gníomhacha i mBaile an Phléimeannaigh a sholáthraíonn timpeallacht uilechuimsitheach dóibh siúd ar fad ar mian leo páirt a ghlacadh ina ngníomhaíochtaí. Rinne siad cur i láthair den scoth maidir le hobair na ngrúpaí éagsúla agus thug siad léargas ar na hiarrachtaí ceannródaíocha atá á ndéanamh dul i bhfeidhm ar gach duine sa phobal.

Áirítear sa cheantar seo freisin Caisleán Bhrí Mhór a athchóiríodh i gcomhpháirt le clár oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire agus tarraingíodh aird náisiúnta air mar cheanncheathrú do Operation Transformation RTÉ i mbliana. Is é atá i nGrúpa Forbartha Áitiúil Bhaile an Phléimeannaigh (GFBP), atá á chomhordú ag Oifig Forbartha Pobail Fhine Gall, fóram le hgahaidh ionadaithe ón bpobal áitiúil, údarás áitiúil, gníomhaireacht stáit agus forbairt áitiúil i gceantar Bhaile an Phléimeannaigh chun oibriú i gcomhar lena chéile chun déileáil le fadhbanna atá ag teacht chun cinn ag leibhéal áitiúil. Idir thionscadail ghnóthacha Foróige do na daoine óga agus fóram comhtháthaithe láidir, tá comharsanacht uirbeach Bhaile an Phléimeannaigh ag déanamh ionadaíochta ar Fhine Gall mar atá sa lá inniu ann agus ar Éire an lae inniu.

Ba iad cónaitheoirí Eastát Bhaile an Fhaoitigh, Baile Átha Cliath 15, a bhuaigh an dara duais sa chatagóir 'An tEastát Tithíochta is Fearr'. Thug an grúpa faoi thionscadal pobail uaillmhianach crannlainne le déanaí i gcuimhne ar bhaill den phobal áitiúil ón eastát atá imithe ar shlí na fírinne agus tugadh aitheantas dóibh as an obair mhór atá déanta acu agus as a ndíograis dá gceantar áitiúil.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, An Comhairleoir Eoghan O'Brien, faoi na gradaim: "Ba mhaith liom tréaslú le cónaitheoirí Bhaile an Phléimeannaigh agus Bhaile an Fhaoitigh as an obair atá curtha i gcrích acu sa phobal agus a bhfuil aitheantas tugtha ag na gradaim seo don obair sin. Tá na gradaim Mórtas Ceantair an-speisialta mar go dtugann siad aitheantas do thionchar dearfach suntasach an chur chuige comhpháirtíochta idir na hÚdaráis Áitiúla agus grúpaí pobail chun pobail inbhuanaithe, ionchuimsitheacha a fhorbairt ar áiteanna iontacha iad le maireachtáil iontu, agus a bhfuil cónaitheoirí bródúil astu."

Mhol an Stiúrthóir Tithíochta agus Pobail, Margaret Geraghty, an t-éacht agus bhí an méid seo a leanas le rá aici: "Is fianaise iad an dá ghradam Mórtas Ceantair seo do cheantar Fhine Gall ar an obair leanúnach atá ar bun ag foireann Fhorbairt Pobail Fhine Gall chun caidreamh a bhunú le agus cabhrú le grúpaí pobail áitiúla agus cónaitheoirí feabhas dáiríre agus buan a dhéanamh ina bpobail."



## Buann an Chomhairle Gradam Náisiúnta Soláthair

Fuair Comhairle Contae Fhine Gall Gradam Náisiúnta ag Na Gradaim Náisiúnta Soláthair 2019 mar aitheantas dá hiarrachtaí leanúnacha chun feabhas a chur ar sholáthar san údarás áitiúil. Fuair an Chomhairle an gradam "An Tionscadal Soláthair Is Fearr san Earnáil Phoiblí, Leathstáit nó sa Rialtas" de bharr Láraonad Soláthair a chur ar bun.

Bhí an searmanas bronnta don deichiú bliain de na Gradaim Náisiúnta Soláthair ar siúl in Óstán Ballsbridge, Baile Átha Cliath. Ag an searmanas bronnta, bronnadh duaiseanna ar na foirne soláthair in Éirinn ba mhó a thuill é. Bhí 70 foireann ón earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach san iomaíocht i 15 chatagóir gradam. Bhí Comhairle Contae Fhine Gall ar an ngearrliosta i dtrí chatagóir gradam.

Dúirt an Príomhfheidhmeannach, AnnMarie Farrelly: "Mhol Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin na Comhairle an Láraonad Soláthair as é féin a chur ar bun go luath i 2019 agus as roinnt conarthaí suntasacha a chur i gcrích thar ceann na heagraíochta gan mhoill. Mar gheall ar Láraonad Soláthair a chur ar bun, tháinig feabhas ar ár struchtúir Rialachais Chorparáidigh agus fuarthas aiseolas dearfach ón gCoiste Iniúchta agus an tIniúchóir Rialtais Áitiúil. Beidh spéis ag údaráis eile sa tsamhail seo."

Dúirt John Quinlivan, Stiúrthóir Seirbhísí, Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachas, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht Faisnéise: "Bhí foireann an Láraonaid Soláthair an-réamhghníomhach maidir le riachtanais Rannóga na Comhairle. Tá siad ag obair go comhoibríoch ar fud na heagraíochta ar roinnt tionscadal soláthair atá tábhachtach ó thaobh na straitéise de, cosúil le feithiclí leictreacha a sholáthar, boscaí bruscair gréine, tionscadal Claochlaithe Dhigitigh TCF agus seirbhísí proifisiúnta éagsúla. Mar chuid den chomhoibriú, d'oibrigh an fhoireann go dlúth leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) agus Lárionad Soláthair Oibríochta an Rialtais Áitiúil (LSORÁ) ar roinnt tionscadal soláthair."

## Tús curtha ag an leis an bpróiseas tairisceana d'oibreacha feabhais do An Ros


Tá tús curtha ag Comhairle Contae Fhine Gall le próiseas tairisceana chun príomhchonraitheoir a cheapadh chun tabhairt faoi oibreacha feabhais ar Bhóthar na Páirce, An Ros. Áirítear sna hoibreacha an bóthar a leathnú ó dheas de Bhóthar na Páirce ó Chlub CLG Naomh Maurs chomh fada le forbairt chónaitheach Phlásóga Chionn Iúir.

Áireofar sna hoibreacha infreastruchtúir láithreáin cosáin, rotharbhealaí, draenáil uisce bréan & dromchla, tírdhreachú, soilsiú poiblí, trasrian coisithe faoi rialú soilse, seirbhísí cóireála teorann agus coimhdeacha atá beartaithe chun breis forbairtí tithíochta a éascú ar an talamh atá taobh leis.

Cuirfear an próiseas tairisceana i gcrích sna míonna amach romhainn agus táthar ag súil go n-ainmneofar tairgeoir rathúil ag tús 2020. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis na príomhoibreacha tógála sa Chéad Ráithe de 2020 agus go mbeidh siad curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Matthew McAleese, Stiúrthóir Pleanála agus Bonneagar Straitéiseach: 'Táim fíorshásta go bhfuil an tionscadal seo á fhorbairt, mar go mbeidh buntáistí ollmhóra don cheantar mar thoradh air. Baineann tábhacht straitéiseach leis an tionscadal seo do bhaile an Rois mar go mbeidh talamh taobh leis á chur ar fáil do bhreis forbartha. Táim ag súil le forbairt na scéime seo agus leis an gcéim tógála, a thosófar go luath an bhliain seo chugainn tá súil agam."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an Innealtóir Sinsearach, Paul Carroll: "Cé go mbeidh an sruth tráchta taobh le Bóthar na Páirce á fheabhsú mar thoradh ar an tionscadal, beidh sé mar bhonn freisin le feabhas suntasach do choisithe agus do rothaithe. Ceann de na buntáistí iomadúla a bhaineann leis an scéim seo is ea go n-éascóidh sé breis forbartha tithíochta agus scoile sa cheantar."



# GLACANN FHINE GALL LE BUISÉAD DE €269M LE HAGHAIDH 2020



Ghlac Comhairle Contae Fhine Gall le buiséad de €269m le haghaidh 2020 chun seirbhísí agus infheistíocht a sholáthar atá deartha chun an contae a fheabhsú mar áit chun maireachtáil inti, chun obair a dhéanamh inti, agus chun infheistiú inti.

Is ionann é agus méadú de €32m ó 2019 agus tá sé coibhéiseach le €911 in aghaidh an duine sa daonra. Cuirfidh Buiséad 2020 ar chumas na Comhairle leanúint ar aghaidh le bainistiú na n-éileamh leanúnach atá ar an gcontae is mó fás agus is óige in Éirinn.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, An Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Cuireadh tús leis an bpróiseas buiséid chomh luath is a tháinig an Chomhairle le chéile i mí Meithimh agus is mian liom an obair atá déanta ag mo chomhghleacaithe sa Ghrúpa Beartais Chorparáidigh mar aon leis an bhfoireann i rannáin dhifriúla sa Chomhairle a admháil. D'ainneoin na ndúshlán a bhí le sárú againn d'éirigh linn méadú beag ar sheirbhísí a chur san áireamh, fianaise gur Comhairle atá á rith go maith agus á bainistiú go ciallmhar í Comhairle Contae Fhine Gall."

Tá beagnach €5m imfhálaithe le haghaidh infheistíocht bhreise i seirbhísí áitiúla cosúil le glantachán sráide, cothabháil páirceanna agus gníomhaíochtaí oibríochtúla eile cosúil le tithíocht agus easpa dídine. Áirítear sa tsuim seo an €2m a fuarthas mar thoradh ar an gcinneadh a rinne comhairleoirí i Meán Fómhair an Cháin Mhaoine Áitiúil a laghdú 10%.

Ag an gcruinniú Buiséid, chinn comhairleoir aisíocaíocht 40% a chur i bhfeidhm ar mhaoin tráchtála folamh chun maoiniú a chur ar fáil le haghaidh roinnt réimsí lena n-áirítear tionscadail Ghníomhú ar son na hAeráide agus forfheidhmiú páirceála.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, "Is é seo an tríú bliain nár chomhaontaigh ár gcomhairleoirí an Cháin Mhaoine Áitiúil a laghdú an t-uasmhéid 15%, agus chuir sé sin ar ár gcumas €2m breise sa bhliain a chaitheamh ar sheirbhísí a chuireann feabhas ar na ceantair a bhfuil ár saoránaigh ag maireachtáil iontu." "Is suim shuntasach airgid é agus ciallaíonn sé, faoi dheireadh 2020 go mbeidh €6m breise caite againn, nach mbeadh againn murach é, ar oibreacha feabhais éagsúla inár mbailte agus sráidbhailte."

Tá €200k breise curtha i leataobh sa Bhuiséad chun tacú le hoibreacha feabhais in áiseanna pobail nach bhfuil faoi úinéireacht na Comhairle. Tá sé seo á dhéanamh mar fhreagairt ar fhadhbanna ar tharraing comhairleoirí aird orthu le míonna beaga anuas.

Tá na trí phríomhchuspóir sonraithe i mBuiséad 2020. Is é an phríomhthosaíocht leanúint le hinfheistíocht sna réimsí Tithíochta agus Pobail mar aon le seachadadh seirbhíse a chothabháil agus leanúint leis an bplean geilleagrach agus pobail d'Fhine Gall a fhorbairt, a thacaíonn le cruthú fostaíochta, turasóireacht agus pobail inbhuanaithe.

Is féidir an Buiséad €269m a bhriseadh síos mar seo a leanas:



Leithdháileadh €73.6 milliún do Thithíocht agus Tógáil i mBuiséad 2020.

€73.6m - Tithe agus Foirgnimh;
€28.6m - Iompar ar Bóthar agus Sábháilteacht
€18.5m - Seirbhísí Uisce
€24m - Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha
€47.7m - Cosaint an Chomhshaoil
€45.2m - Áineas agus Conláistí
€1.1m - Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas
€31.0m - Seirbhísí Ilghnéitheacha

Tá méaduithe ar roinnt príomhréimsí ar fud na Comhairle curtha san áireamh i mBuiséad 2020. Ceadaíonn an caiteachas méadaithe seo infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa Chontae agus cuireann sé leis an infheistíocht a rinneadh i mbuiséid roimhe seo.

Beidh méadú le tabhairt faoi deara sa mhaoiniú atá ar fáil d'oibreacha feabhais caipitil sa stoc tithíochta sóisialta mar aon le maoiniú breise d'oibreacha feabhais ar eastát do daoine den lucht siúil. Chomh maith leis sin, tá méadú tagtha ar dheontais oiriúnaithe tithe.

Ceadaítear sa Bhuiséad do mhéaduithe ar rud roinnt réimsí laistigh d'Oibríochtaí lena n-áirítear cothabháil bóithre, soilsiú poiblí, bainistíocht tráchta agus glantachán sráide. Chomh maith leis sin, tá maoiniú breise de €200k ar fáil do chostais faoi Phlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2019-2024.

Tá soláthar caipitil de €2m curtha ar fáil do mhaoiniú Cheathrú Chultúrtha Shoird. Tá sé seo ag tacú le tiomantas na Comhairle don mhórthionscadal seo chun Leabharlann agus Áis Ealaíon a chur ar fáil i Sord. Chomh maith leis sin, tá breis maoinithe á chur ar fáil do réadmhaoin oidhreachta agus chun cur leis na gníomhaíochtaí imeachta.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag AnnMarie Farrelly: "Tá sé ríthábhachtach de réir mar a leanann an Contae ag forbairt go leanann na seirbhísí, an bonneagar agus na háiseanna atá á gcur ar fáil ag an gComhairle ag forbairt freisin. Tá fianaise air seo le fáil i mBuiséad 2020 agus inár gClár Caipitil 2020-2022 trí bliana, áit a léirítear ár dtiomantas do €619m breise a chaitheamh ar 236 tionscadal aonair ar fud an chontae."

Bhí laghdú ar rátaí le haghaidh 77% d'íocóirí ráta i bhFine Gall mar thoradh ar an athluacháil a rinneadh ar na rátaí le déanaí. Chruthaigh an próiseas athluachála riosca airgeadais don Chomhairle chomh fada is a bhaineann le laghdú féideartha ar ioncam rátaí ag eascairt as an bpróiseas achomhairc. Chun é seo a mhaolú, tá cúlchiste de €21.8m i mBuiséad 2020 chun soláthar a dhéanamh don riosca seo amach anseo. Tá an cúlchiste seo á mhaoiniú ag meascán d'acmhainní na Comhairle agus sásra san Ordú um Theorannú Rátaí a cheadaíonn méid a chur san áireamh chun maolú in aghaidh caillteanas ioncam rátaí amach anseo. Tá an cúlchiste seo cruthaithe ag an gComhairle gan cur isteach ar nó seirbhísí don phobal a laghdú.

Is féidir breathnú ar chóip de dhréacht-Bhuiséad Bliantúil 2020 ar https://www.fingal.ie/council/service/annual-budget

Is féidir breathnú ar dhíospóireacht na Comhairle faoi Bhuiséad 2020 ar https://fingalcoco.public-i.tv/core/portal/webcast_interactive/451730

# An Seirbhís phíolótach "Carr Pobail" seolta

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tar éis an tseirbhís píolótach 'Carr Pobail' a sheoladh ar an Trá Theas sna Sceirí, i gcomhpháirtíocht le Local Link agus GoCar.

Is í an tseirbhís Carra Pobail an chéad seirbhís dá leithéid le bheith curtha i bhfeidhm ag aon údarás áitiúil in Éirinn agus tá sé i bhfeidhm i mBinn Éadair agus sna Sceirí anois. Táthar tar éis dhá Fheithicil leictreacha a chur ar fáil don r-Thionscnamh seo ina bhfuil le brath an tiomantas atá ann i bhFine Gall don Ghníomhú ar son an Athraithe Aeráide.




Tá tiománaithe deonacha tar éis glacadh leis ar bhealach atá an-dearfach sna Sceirí agus i mBinn Éadair araon atá sásta a gcuid ama a chur ar leataobh chun cabhrú leo siúd sa phobal a bhfuil sé ag teastáil uathu.

Tá an taisteal pobail áitiúil ina dheis ríthábhachtach do go leor daoine nach mbíonn ag tiomáint, ligtear dóibh dul amach mar gheall air, teacht ar áiseanna áitiúla agus leanúint le bheith mar chuid den phobal áitiúil. Is minic nach mbíonn daoine in ann deis a bhaint as a leithéid de sheirbhís, cuir i gcás iadsan atá ina gcónaí faoin tuath nó nach bhfuil aon seirbhís bus áitiúil ar fáil dóibh, nó iadsan a bhfuil an gluaisteacht choirp laghdaithe mar chosc orthu gan an iompar poiblí a úsáid. Beidh an tseirbhís nua seo "Carr Pobail" fíorluachmhar chun freastal ar a gcuid riachtanas siúd agus chun cuidiú linn aghaidh a thabhairt ar an eisiamh sóisialta.

Is é ráiteas misin an Chláir Iompair Tuaithe ná "córas iompair phoiblí pobalbhunaithe d'ardchaighdeán a sholáthar i gceantair thuaithe na hÉireann lena dtabharfar freagra do na riachtanais áitiúla" agus tá sé mar cheann de na príomhthosaíochtaí atá ann aghaidh a thabhairt ar an eisiamh sóisialta tuaithe agus ar an gcomhtháthú seirbhísí iompair tuaithe agus seirbhísí iompair phoiblí eile a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag Seirbhís Carr Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall cabhrú leo siúd a bhfuil fadhbanna soghluaiseachta acu freastal ar choinní Ospidéil nó Sláinte, agus ar ghníomhaíochtaí sóisialta freisin.

Dúirt Méara Fhine Gall, An Clr. Eoghan O'Brien: "Tá lúcháir orm go bhfuil Comhairle Contae Fhine Gall ar thús cadhnaíochta agus seirbhís Carranna Pobail curtha i bhfeidhm do mhuintir na Sceirí agus do mhuintir Bhinn Éadair. Beidh an tseirbhís seo fíorluachmhar do chónaitheoirí áitiúla a bhfuil fadhbanna soghluaiseachta acu agus is céim chun tosaigh fíordhearfach í atá déanta ag an gComhairle i gcomhpháirtíocht le Local Link agus le Go Car."


Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Tá an-áthas orm a bheith ann ag seoladh na 'Seirbhíse Carr Pobail' agus é a fheiceáil dom féin, seirbhís a mbeidh ról lárnach aici chun freastal ar riachtanais daoine nach bhfuil aon seirbhís bus acu nó a bhfuil a gcumas soghluaisteachta ag dul i léig, rud a d'fhéadfadh a bheith ag cur cosc orthu an iompar poiblí a úsáid. Tá sé tábhachtach go gcuirtear seirbhísí ar fáil chun cuidiú linn dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta agus chun rochtain a chur ar fáil ar áiseanna áitiúla. Tá áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall tacú leis an tionscnamh seo i gcomhpháirtíocht le Local Link agus GoCar."

Dúirt Louise Edmonds, Bainisteoir Chlár Aoisbhá Fhine Gall: "Tá áthas ar Aoisbh Fhine Gall a bheith ag obair i gcomhar le chéile le coiste Bhaile Aoisbhá na Sceirí chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na riachtanais iompair a bhíonn ag daoine ina gceantar féin.

Más ball thú atá ag iarraidh suíochán a chur in áirithe sa Charr Pobail, cuir glaoch ar Local Link ar 046 9074830 nó cuir ríomhphost chuig flexibus@locallinklmf.ie

# Know What's Happening In Your County

Council | News | Events




Residents | Visitors | Business

# Fingal.ie

## Your Information Website

25 BLIANA YEARS
Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

**Your Council, working for you**

## SEOLADH LEABHRÁN EOLAIS FAOI IONAID PHOBAIL

Sheol Líonra Áiseanna Pobail Fhine Gall leabhrán faisnéise a sholáthraíonn eolas ar an réimse seirbhísí, áiseanna agus gníomhaíochtaí atá ar fáil i measc gach cinn de na 31 áis phobail lena dtacaíonn Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall.

Thit seoladh Leabhrán Faisnéise Líonra Áiseanna Pobail Fhine Gall, "Pobail a Cheangal", ag Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien, amach ag Ionad Pobail Dhomhnach Bat-Phort Reachrann.

Cuirtear léargas gearr ar fáil sa leabhrán faisnéise, a chuir Líonra Áiseanna Pobail Fhine Gall le chéile, ar an méid a chuireann gach ionad pobail ar fáil. Áirítear leis uaireanta oscailte, gníomhaíochtaí, deiseanna chun obair dheonach a dhéanamh agus an méid a tharlaíonn ar bhonn laethúil in aon chinn de na 31 áis phobail lena dtacaíonn Comhairle Contae Fhine Gall ar fud Fhine Gall, idir Baile Átha Cliath 15 go dtí Baile Brigín agus feadh an chósta ó Bhinn Éadair go dtí an Ros. Eagraíocht phobail atá i ngach ionad atá dinimiciúil, neamhspleách agus neamhbhrabúsach agus cuireann siad cláir agus seirbhísí ar fáil atá dírithe ar cheangail agus folláine shóisialta a chothú. Trí éisteacht le riachtanais agus ábhair spéise an phobail, sainaithníonn na foirne bainistíochta an méid a theastaíonn agus an méid a bhfuil tóir air i ngach limistéar.

Mar iarracht lena chinntiú nach bhfágtar duine ar bith ar lár, cuirfear an leabhrán faisnéise ar fáil i nGaeilge, sa Pholainnis agus sa Fhraincis agus beidh sé ar fáil ar láithreáin ghréasáin na n-ionad pobail agus Chomhairle Contae Fhine Gall.

# FOILSÍODH STRAITÉIS NUA UAILLMHIANACH DO NA HEALAÍONA

Foilsíodh plean nua, An Plean Ealaíon 2019-2025, inar leagadh amach straitéis do na healaíona sa chontae sa chéad seacht mbliana eile.

In éineacht le Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, bhí AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, Rory O'Byrne, Oifigeach Ealaíon an Chontae agus an aoichainteoir speisialta Art O'Leary, Ard-Rúnaí an Uachtaráin, le fáilte a chur roimh ealaíontóirí, lucht déanta beartas cultúrtha, oideachasóirí, teaghlaigh agus an pobal i gcoitinne.

Thug Méara Fhine Gall, an Comh. Eoghan O'Brien aitheasc oscailte agus dúirt sé, 'Tá an-áthas orm a bheith anseo inniu chun Plean Ealaíon 2019 - 2025 Chomhairle Contae Fhine Gall a sheoladh go hoifigiúil, ina leagtar amach fís d'fhorbairt na n-ealaíon sna seacht mbliana amach romhainn. Molaimid foireann na hOifige Ealaíon as an obair ríthábhachtach atá déanta acu go dtí seo, agus táimid ag tnúth, go muiníneach, leis an méid a thiocfaidh as an bplean seo amach anseo.

Tá foireann na hOifige Ealaíon comhdhéanta de Rory O'Byrne (Oifigeach Ealaíon Contae), Sarah O'Neill (Leas-Oifigeach Ealaíon), Julie Clarke (Oifigeach Óige & Oideachais), agus Caroline Cowley (Comhordaitheoir na nEalaíon Poiblí), agus bhí siad go léir i láthair. Ag labhairt dó ag an ócáid, dúirt Rory O'Byrne, 'Tá clár fairsing deiseanna agus tionscnamh ag Oifig na nEalaíon treoraithe ag réimsí beartas tosaíochta, mar aon le hobair dhá ionad ealaíon a bhfuil ag éirí go maith leo - Draíocht i mBaile Bhlainséir agus Ionad Ealaíon Seamus Ennis san Aill.'

'Cuireann an plean seo san áireamh forbairtí a rinneadh le déanaí go háitiúil agus go náisiúnta. Sna seacht mbliana amach romhainn, díreoimid ár n-iarrachtaí trí spás a dhéanamh don ealaín, daoine agus smaointe a nascadh, barr feabhais a neartú, agus ár gcumas an plean seo a sheachadadh chomh maith agus is féidir a chumasú. '

Bunaíodh ábhar an phlean ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí a tharla thar sé seachtaine



ó Bhealtaine go Meitheamh 2018. Bhain an chéad chéim den chomhairliúchán poiblí le suirbhé ar líne. Bhain an dara céim den chomhairliúchán le modheolaíocht 'World Café', inar reáchtáil an Oifig Ealaíon dhá cheardlann leathlae le páirtithe leasmhara a tugadh cuireadh dóibh.

Chuaigh an Oifig Ealaíon i gcomhairle le daoine óga trína Clár Óige & Oideachais chun a chinntiú go n-éistfí le déimeagrafach suntasach óige Fhine Gall i bpleanáil agus i seachadadh na seirbhísí ealaíon agus cultúrtha i bhFine Gall. Ina theannta sin, d'eagraigh an Oifig Ealaíon ceardlann leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail.

Dúirt AnnMarie Farrelly, an Príomhfheidhmeannach, 'Tá Comhairle Contae Fhine Gall 25 bliain ar an bhfód i mbliana, agus ó thús an ama sin aithníodh go bhfuil na healaíona riachtanach do shaol agus do leas ár bpobal. Táimid bródúil as ár seirbhís a chuidíonn le cultúr ár gcontae a mhúnlú ionas go mbeidh sé ina áit níos fearr le cónaí ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air'.

Mhol Art O'Leary, Ard-Rúnaí an Uachtaráin, obair na hoifige ealaíne agus dúirt sé, 'Is léir gur údarás áitiúil é Fine Gall atá tiomanta tacú le healaíontóirí agus le daoine de gach aois trí sheirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar dhaoine, áit agus cleachtas. Is é seo an plean ealaíon is fearr atá léite agam go dtí seo'. Tugadh cuireadh do na haíonna cuairt a thabhairt ar dhá thaispeántas speisialta a reáchtáladh don ócáid, a thagann leis an bpleanáil agus leis an bhfís do Shord mar shuíomh don ealaín chomhaimseartha i gcomhthéacs an Mháistirphlean Cultúir nua atá beartaithe.

Chuir an tEalaíontóir Michele Hetherington Talk Softly, saothar nua suíomhoiriúnaithe ag Caisleán Shoird, i láthair. Is ealaíontóir áitiúil de chuid Fhine Gall í Hetherington, agus bhain sí amach Gradam Iarchéime Ealaíon Fhine Gall in 2018.

Chuir Alan James Burns Silicon Synapse, suiteán Réaltachta Fíorúil agus síci-acústach i láthair i Leabharlann stairiúil Carnegie, Sord. Rinne Comhairle Contae Fhine Gall agus clár SciArt an Choimisiúin Eorpaigh coimisiúnú ar an saothar ealaíne seo agus tá sé á mhaoiniú ag Gradam Open Call Chomhairle Ealaíon na hÉireann.

Sa phlean ealaíon tá saothar ealaíne an ghrianghrafadóra Rich Gilligan le feiceáil chomh maith. Is as Fine Gall ó dhúchas do Gilligan, agus tá sé á choimisiúnú ag Oifig Ealaíon Fhine Gall chun tírdhreach cultúrtha an chontae

# Cuireann na mílte dalta scoile an tionscnamh MarathonKids i gcrích

Chuir na mílte dalta scoile an chuid dheireanach den chlár MarathonKids i gcrích ag imeacht thar cionn i Staid Morton i Seantrabh.




Rith breis is 5,500 dalta ó rang 5 & 6, i 87 scoil 25.2 míle thar 8 seachtaine. Bhí siad i mbun traenála 4 huaire in aghaidh na seachtaine ar scoil sular éirigh leo an míle deireanach a rith ag imeacht speisialta 1-mhíle a reáchtáladh ar an 13 Samhain. Bhí Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly agus Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, i láthair nuair a bhí an míle deireanach á rith.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien ag an imeacht; "Is deis iontach é MarathonKids do dhaltaí rang a 5 agus rang a 6 a bheith gníomhach agus foghlaim faoi thábhacht an spóirt. Tá áthas orm go bhfuil an míle deireanach á rith anseo i Staid de Mortún gach bliain. Ba mhór an pléisiúr é a bheith i láthair ag an imeacht i dteannta le hArd-Mhéara Bhaile Átha Cliath, Paul McAuliffe agus Méara Bhaile Átha Cliath Theas, Vicki Casserly."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly; "Cúis dóchais é méadú a bheith ag teacht ar líon na ndaltaí atá ag glacadh páirte in MartathonKids le ceithre bliana anuas, méadú ó 800 dalta in 2015 go dtí 5,500 i mbliana. Is fianaise é seo go bhfuil fiúntas ag baint leis an gclár. Guím gach rath ar an gclár sna blianta amach romhainn."

Is é seo an 5ú bliain a bhfuil an clár á reáchtáil, agus tá an t-iar-Lúthchleasaí Oilimpeach agus Seaimpín Eorpach 400m, David Gillick, agus Ambasadóir MarathonKids na hÉireann ag obair le Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath, agus Maratón Bhaile Átha Cliath, chun an clár a chur chun cinn.









# FÁILTIÚ CATHARTHA IN ONÓIR NIAMH, SEAIMPÍN ÓIGE NA HEORPA

D'eagraigh Comhairle Contae Fhine Gall fáiltiú cathartha i Halla an Chontae i Sord in onóir an tSeaimpín Dornálaíochta Niamh Fay a bhuaigh an bonn óir ag Craobhchomórtas Dornálaíochta Óige na hEorpa.

Bhuaigh an dornálaí, arb as Baile Bachaille di agus ar ball de Chlub Dornálaíochta Shoird í, an bonn óir nuair a sháraigh sí Nikolina Cacic as an gCróit i Sóifia sa Bhulgáir i Meán Fómhair.

D'eagraigh Comhairle Contae Fhine Gall fáiltiú cathartha i Halla an Chontae i Sord in onóir an tSeaimpín Dornálaíochta Niamh Fay a bhuaigh an bonn óir ag Craobhchomórtas Dornálaíochta Óige na hEorpa.

Bhuaigh an dornálaí, arb as Baile Bachaille di agus ar ball de Chlub Dornálaíochta Shoird í, an bonn óir nuair a sháraigh sí Nikolina Cacic as an gCróit i Sóifia sa Bhulgáir i Meán Fómhair.
Is de shliocht dornálaithe iontacha í an bhean 17 mbliana d'aois. Is traenálaí é a hathair, Gary Fay, a bhuaigh teideal na hÉireann roimhe seo, agus bhuaigh a dearthár níos óige, John Fay, an bonn cré-umha ag Craobhchomórtas na hEorpa an bhliain seo caite.

Dúirt Méara Fhine Gall, An Comhairleoir Eoghan O'Brien: "Is mór an onóir dom an chéad fáiltiú cathartha le linn mo thréimhse oifige a óstáil mar aitheantas do lúthchleasaí inspioráideach. Ba í Niamh an t-aon dornálaí Éireannach a bhain na babhtaí ceannais amach as foireann 19 ndornálaí, agus ba í an dornálaí is óige ar fad sna babhtaí ceannais.

"Is léiriú é a liosta fada gaiscí ar a heitic oibre dochreidte - faoi láthair, tá sí ag traenáil dhá uair in aghaidh an lae le linn na seachtaine, fad a dhéanann sí staidéar mar ullmhúcháin don Ardteist.

"Ba é an rud ba mhó a chuaigh i bhfeidhm orm ná cé chomh umhal is atá Niamh, ag féachaint don bhua atá aici. Níl aon amhras orm go mbainfidh sí amach cibé is mian léi i ndomhan na dornálaíochta. "Tá súil agam go bhfillfidh Niamh ar Fhine Gall amach anseo agus bonn óir uirthi ó na Cluichí Oilimpeacha."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall AnnMarie Farrelly: "Is ábhar bróid do mhuintir Fhine Gall í Niamh mar gheall ar a diongbháilteacht, scileanna agus tiomantas inmholta. Tá sé tábhachtach go n-aithnímid agus go léirímid meas ar lúthchleasaí fíor-inspioráideach cosúil léi, agus ba mhaith liom moladh a thabhairt do Niamh agus do Chlub Dornálaíochta Shoird as an mbua iontach seo".



# Leabharlanna feabhsú bonneagar teicneolaíochtaí digiteacha ar fud a líonra brainsí leabharlainne

Sheol Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, feabhsú bonneagar teicneolaíochtaí digiteacha Leabharlanna Fhine Gall ag Leabharlann Mhullach Íde i gcuideachta Phríomhfheidhmeannach Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, an Stiúrthóra Tithíochta agus Pobail, Margaret Geraghty, agus an Leabharlannaí Contae, Betty Boardman.




Sheol Leabharlanna Fhine Gall an feabhas a chuirfear ar a bhonneagar teicneolaíochtaí digiteacha de bhun infheistíochta a rinne an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Michael Ring, T.D. Is éard a bheidh mar thoradh air seo ná spásanna agus seirbhísí feabhsaithe leabharlainne don phobal. Léiríonn ranníocaíocht Chomhairle Contae Fhine Gall leis an gcistiú tiomantas do agus muinín as leabharlanna poiblí mar ionaid foghlama agus rannpháirtíochta sa phobal.

Meallfaidh na spásanna nua cruinnithe a cruthaíodh, na gléasanna iasachtaithe Táibléad agus na bogearraí Tábla Draíochta ('Magic Table') úsáideoirí reatha agus nua ar gach aois chuig pointí seirbhíse leabharlainne agus cruthóidh sé cuid de chéim thosaigh ina dtabharfar isteach áiseanna agus seirbhísí nua TFC.

Ag labhairt dó ag an seoladh, dúirt Méara Fhine Gall, Eoghan O'Brien: "Is deas liom a bheith anseo inniu chun na teicneolaíochtaí nuálacha nua TFC a sheoladh ag Leabharlanna Fhine Gall. Cuirfidh seo ar chumas leabharlann bheith ar thús cadhnaíochta an dul chun cinn sa teicneolaíocht i gcónaí agus tairbhe a chruthú do shaoránaigh Fhine Gall dá bharr."

Chuir an Stiúrthóir Tithíochta agus Pobail, Margaret Geraghty, fáilte roimh an bhfeabhsú seo ar bhonneagar teicneolaíochtaí digiteacha Leabharlanna Fhine Gall, agus dúirt sí: "Ba mhaith liom a lua arís cé chomh tábhachtach atá an tseirbhís leabharlainne agus an tóir ollmhór atá air sa phobal agus tá na seirbhísí digiteacha nua seo mar chuid den fheabhas leanúnach atá á chur againn ar ár réimse seirbhísí."

Dúirt an Leabharlannaí Contae, Betty Bordman: "Ba an-tráthúil gur cuireadh an cistiú seo ar fáil do Leabharlanna Fhine Gall mar gheall go gcabhróidh sé linn dhá cheann de na príomhchuspóirí inár bPlean Forbartha a bhaint amach a foilsíodh ní ba luaithe i mbliana – chun leanúint le spásanna inrochtana ardchaighdeáin fáilteacha inrochtana a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí leabharlainne agus suíomh leabharlann sa phobal a threisiú mar phríomhphointí inar féidir teacht ar sheirbhísí teicneolaíocht faisnéise agus digiteacha iontu."

Tá i measc na seirbhísí nua a seoladh an Tábla Draíochta a suiteáladh ag leabharlanna an Rois agus Mhullach Íde. Is éard atá i gceist le trealamh an Tábla Draíochta ná teilgeoir a thaispeánann cluichí idirghníomhacha / íomhánna réamhlódáilte ar aon dromchla faoina bhun. Dearadh na cluichí idirghníomhacha seo go sonrach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu a bhain chéim mheánach nó céim dhéanach amach agus do leanaí a bhfuil saincheisteanna céadfacha acu.

Suiteáladh Suíocháin nua Chruinnithe a bhfuil pointí luchtaithe orthu ag leabharlanna Bhaile Bhlainséir, Mhullach Íde agus Bhaile Brigín. Tá na Suíocháin Chruinnithe an-áisiúil do mhic léinn nó d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá ag oibriú ar thionscadail chomhoibritheacha, cibé acu má theastaíonn nó mura dteastaíonn teacht acu ar idirlíon gan sreang.

Suiteáladh gléas iasachtaithe táibléad Hublet ag leabharlanna Bhaile Dhúill, an Rois, Bhinn Éadair, Bhaile Ghháire agus Dhomhnach Bat. Cuireann na táibléid bhoise seo rochtain ar fáil do leanaí agus daoine fásta ar aipeanna agus is féidir iad a úsáid chun cáipéisí a chur i gcló ag na gléasanna fótachóipeála féinseirbhíse ag na leabharlanna seo.

Chun teacht ar bhreis faisnéise, déan teagmháil, le do thoil, le do bhrainse leabharlainne áitiúil, nó tabhair cuairt ar láithreán gréasáin Leabharlanna Fhine Gall: fingal.ie/libraries/

Fingal's Library Services

| | | |
|---|---|---|
| Balbriggan | 01 870 4401 / 01 870 4402 | balbrigganlibrary@fingal.ie |
| Baldoyle | 01 890 6793 | baldoylelibrary@fingal.ie |
| Blanchardstown | 01 890 5563 | blanchlib@fingal.ie |
| Donabate | 01 890 5609 | donabate.library@fingal.ie |
| Garristown | 01 835 5020 | garristownlibrary@fingal.ie |
| Howth | 01 890 5026 | howthlibrary.library@fingal.ie |
| Malahide | 01 870 4430 / 01 870 4431 | malahidelibrary@fingal.ie |
| Rush | 01 870 8414 | rushlibrary@fingal.ie |
| Skerries | 01 890 5671 | skerrieslibrary.library@fingal.ie |
| Swords | 01 890 5894 / 01 890 5582 | swordslibrary@fingal.ie |
| Mobile library service | 01 822 1564 | mobilelibraries@fingal.ie |
| Library Headquarters | 01 890 5524 | LibrariesHQ@fingalcoco.ie |
| Housebound library service | 01 860 4290 / 1850 211466 (Freephone) | houseboundlibrary@fingal.ie |
| Local Studies and Archives | 01 870 4495 / 01 890 4486 | Local.Studies@fingal.ie |

Fingal Libraries are on Social Media!

# Rath ar Ardán Cainte Ionad Eolais Europe Direct Bhaile Bhlainséir

Tá aghaidh á tabhairt ag seaimpín Ardán Cainte Europe Direct Bhaile Bhlainséir ar an mBruiséil i ndiaidh a bua suntasach ag an gComórtas Náisiúnta ag 6 Sráid Chill Dara ar an 20 Samhain.




Tharraing Beverley Joseph, atá ag obair in e-Bay i mBaile Bhlainséir, aird na moltóirí uirthi féin ar dtús sa chomórtas 19 and Over ag babhta réigiúnach an Ardáin Cainte i Leabharlann Bhaile Bhlainséir ar an 5 Samhain, nuair a thug sí óráid lán mothúchán faoin téama 'Ní bhaineann an tAthrú Aeráide liomsa'.

Ag déanamh ionadaíochta ar Ionad Eolais Europe Direct Bhaile Bhlainséir i dteannta leis an seaimpín réigiúnach Faoi 18, Emily O'Shea ó Phobalscoil Phort Mearnóg, cúis áthais do Beverley an chéad duais de €1,000 agus turas chuig an mBruiséil a bhuachan, áit a mbeidh deis aici cuairt a thabhairt ar Pharlaimint na hEorpa agus ar institiúidí AE eile.

"Bhí sé de phribhléid agam éisteacht le gníomhaithe

"Táim fíorshásta," a dúirt sí. "Is mór an phribhléid é. Imeacht deas a bhí ann agus bhí an t-atmaisféar go hiontach."

Chomh maith le bheith ag súil leis an turas chun na Bruiséile, tá Beverley ag súil go mór lena céad leabhar do pháistí a fhoilsiú an bhliain seo chugainn leis na foilsitheoirí Olympia; 'Ernest and the Prince of Peace' an teideal atá roghnaithe aici don leabhar.

Le linn di a bheith ag tréaslú le Beverley agus Emily as an gcur i láthair a rinne siad sa Chomórtas Náisiúnta, bhí an méid seo a leanas le rá ag Siobhan Walshe, Bainisteoir Ionad Eolais Europe Direct Bhaile Bhlainséir; "Bhí a bua sa Chomórtas Réigiúnach i mBaile Bhlainséir tuillte go maith ag Beverley, agus ba léir go raibh spéis ar leith aici san ábhar le linn di a bheith ag caint. Táimid fíorshásta gur éirigh chomh maith sin le Beverley, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Beverley agus Emily as ionadaíocht ar ardchaighdeán a dhéanamh ar ár nIonad Europe Direct ar an ardán náisiúnta."




## CAS ARÍS É – TÁ FINE GALL AG AIMSIÚ BAILTE NUA D'UIRLISÍ SA PHOBAL

D'éirigh thar cionn le tionscnamh iontach nua trínar bailíodh uirlisí ceoil nár mhaith le daoine iad nó nár úsáid daoine iad níos mó agus trínar tugadh amach d'eagraíochtaí iad.

Is féidir na huirlisí a fhágáil ag Ionad Athchúrsála an Inbhir agus Ionad Athchúrsála Chúil Mhín. Déanfaidh an Rannóg Comhshaoil iad a phéireáil le háiteanna agus eagraíochtaí a bhfuil siad ag teastáil uathu.

Dúirt an tOifigeach Feasachta Comhshaoil Sinead Fox: "Faighimid uirlisí go rialta a raibh grá orthu roimhe sin agus a bhfuil baile nua ag teastáil uathu, cosúil le giotáir, fidleacha, foirne drumaí, ucailéilí agus a thuilleadh nach iad. Cuirimid bail orthu ionas gur féidir iad a chasadh agus bailímid iad lena dtabhairt amach. Bhíomar i dteagmháil le heagraíochtaí cosúil le Grúpaí na mBailte Slachtmhara i Sord a rinne na huirlisí seo a phéireáil le scoileanna áitiúla."

Dúirt sí chomh maith: "Ba mhaith linn cloisteáil ó eagraíochtaí cosúil le hIonaid Óige agus Teaghlaigh, Ionaid Uathachais nó tithe chónaithe le haghaidh Andúile - gach cineál eagraíochta a bhféadfadh meascán uirlisí a bheith ag teastáil uathu. Is tionscnamh iontach é seo a thugann aghaidh ar Chosc ar Dhramhaíl agus a thugann ar ais don Phobal.

Má tá tú ar an eolas maidir le haon ghrúpa a bhainfeadh úsáid as na huirlisí sin, seol ríomhphost chuig environment.education@fingal.ie.

# CUIREANN AN LÍONRA GNÓ BAN TÚS LE CEILIÚRADH NA NOLLAG

Bhí breis agus 100 fiontraí mná de chuid Fhine Gall i dteannta Mhéara Fhine Gall, an Comhairleoir, Eoghan O'Brien, an Príomhfheidhmeannaigh, AnnMarie Farrelly, agus na hOifige Fiontair Áitiúil chun ceiliúradh a dhéanamh ar thús shéasúr na Nollag ag Lón Nollag Líonra Ban Fiontrach Fhine Gall (FEWN) ag Óstán agus Club Tuaithe Bhaile Uí Rócháin

a é téama agus príomhtheachtaireacht an imeachta: "Oibrigh Níos Cliste, Seachas Níos Déine: An Rath atá ar do Ghnólacht a Mhéadú go Mór in 2020".

Cóitseálaí Táirgiúlachta agus Feidhmíochta Idirnáisiúnta é an t-aoichainteoir speisialta, Breda Stackpool, a oibríonn le mná sa ghnó chun cabhrú leo níos mó airgid a thuilleamh laistigh de thréimhse níos giorra ama. Chabhraigh sí leis an lucht freastail chun ullmhú don bhliain amach romhainn trí sheisiún spreagthach idirghníomhach a chur ar siúl maidir leis an meon a fhorbairt chun bogadh chun cinn le muinín, cuspóir; agus na gníomhartha ábhartha chun rath gnó a bhaint amach in 2020.

Tá FEWN á reáchtáil ag OFÁ Fhine Gall. Eagraíonn sé deiseanna líonraithe agus foghlama do mhná sa ghnó sa réigiún. Casann an líonra ar a chéile gach ráithe agus cuireann sé ardán ar fáil d'fhiontraithe mná (agus d'fhiontraithe uaillmhianacha), chun líonrú a dhéanamh, chun teagmhálaithe gnó áitiúla áisiúla a chnuasach agus chun coimeád sna sála ar phríomhshaincheisteanna a imríonn tionchar ar an ngnó. Más úinéir/bainisteoir gnó mná thú, nó má tá baint ghníomhach agat le do ghnólacht féin a bhunú, ba cheart duit súil a chaitheamh ar ár n-imeacht Lón na Nollag ar mhaithe leis na hacmhainní foghlama agus na deiseanna líonraithe a chuireann sé ar fáil.

















# Teagmháil

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Halla an Chontae,
An Príomhshráid,
Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
K67 X8Y2

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Oifigí na Cathrach,
Bóthar an Gharráin,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15
D15 W638

Tel: (01) 890 5000

Láithreán Gréasáin: www.fingal.ie
Ríomhphost:
customercareunit@fingal.ie
Report: www.fixyourstreet.ie

**Déan Teagmháil linn ar**
- Bí linn ar Facebook
- Lean muid ar Twitter
- Féach orainn ar YouTube

*Fingal News* arna fhoilsiú ag Aonad Cumarsáide Chomhairle Contae Fhine Gall.

Ríomhphost: fingalnews@fingal.ie

## Páirceanna Chomhairle Contae Fhine Gall

Diméin agus Páirc Réigiúnach Chaisleán Ard Giolláin

Diméin agus Páirc Réigiúnach Chaisleán Mhullach Íde

Feirm, Diméin agus Páirc Réigiúnach Teach an Droichid Nua

Caisleán Shoird agus Páirc an Bhaile

Diméin agus Páirc Réigiúnach Sheantraibh

Muilte na Sceirí

Páirc San Caitríona / Diméin Leamcháin

Gairdín Lusanna an Talbóidigh

Páirc Réigiúnach Ghleann na Tulcann

Páirc Réigiúnach Ghleann Abhann an Bharda

**Le haghaidh liosta iomlán d'uaire oscailte agus tuilleadh mionsonraí téigh go dtí:**

**http://fingal.ie/community-and-leisure/**

## Fingal County Council Recycling Centres

**Ionad Athchúrsála Chúil Mhín**
Eastát Tionsclaíochta Chúil Mhín,
Baile Átha Cliath 15.
(Le taobh Stáisiún Dóiteáin Chúil)

**Ionad Athchúrsála an Inbhir**
Sord, Contae Bhaile Átha Cliath
(Le taobh Páirc Ghnó

**Le haghaidh uaire oscailte agus tuilleadh mionsonraí féach ar an nasc**
http://fingal.ie/environment/waste-and-recycling/recycling-centres/

# Your Waste:
# Your Responsibility
# Your Court Fine
# of up to €5,000

**or Prison Term of up to 12 months**

# BEWARE!

**ILLEGAL WASTE COLLECTORS**




**No Permit - It's Illegal**
**Check if Authorised: www.nwcpo.ie**
**Report to - environment@fingal.ie**

eastern-midlands waste region


**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

# Do Chomhairleoirí




## Toghcheantair Aitiúil




**Baile Brigin**

1. An Comh. Tony Murphy
Neamhspleách
tony.murphy@cllrs.fingal.ie
086 277 2030

2. An Comh. Grainne Maguire
Neamhspleách
grainne.maguire@cllrs.fingal.ie
087 943 6650

3. An Comh. Seána Ó Rodaigh
Páirtí an Lucht Oibre
seana.orodaigh@cllrs.fingal.ie
085 831 3801

4. An Comh. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@cllrs.fingal.ie
087 245 9897

5. Folamh – Toghadh Joe O'Brien le Dáil Éireann

**An Ros - Lusca**

6. An Comh. Robert O'Donoghue
Páirtí an Lucht Oibre
robert.odonoghue@cllrs.fingal.ie
083 322 7472

7. An Comh. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@cllrs.fingal.ie
087 681 4485

8. An Comh. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@cllrs.fingal.ie
085 229 8201

9. An Comh. Cathal Boland
Neamhspleách
cathal.boland@cllrs.fingal.ie
086 257 7672

10. An Comh. Paul Mulville
An Páirtí Sóisalach Daonlathach
paul.mulville@cllrs.fingal.ie
086 378 7395

**Sord**

11. An Comh. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@cllrs.fingal.ie
087 959 5378

12. An Comh. Ian Carey
An Comhaontas Glas
ian.carey@cllrs.fingal.ie
086 307 4004

13. An Comh. Dean Mulligan
Neamhspleách i dtreo Athrú
dean.mulligan@cllrs.fingal.ie
087 966 6260

14. An Comh. Duncan Smith
Páirtí an Lucht Oibre
duncan.smith@cllrs.fingal.ie
087 986 2686

15. An Comh. Joe Newman
Neamhspleách
joe.newman@cllrs.fingal.ie
087 245 7729

16. An Comh. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@cllrs.fingal.ie
086 247 6596

17. Cllr. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@cllrs.fingal.ie
087 272 4359

**Binn Éadair/Mullach Íde**

18. An Comh. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@cllrs.fingal.ie
086 858 0562

19. An Comh. David Healy
An Comhaontas Glas
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852

20 An Comh. Cian O'Callaghan
An Páirtí Sóisalach Daonlathach
cian.ocallaghan@cllrs.fingal.ie
086 286 6631

21. An Comh. Brian Mc Donagh
Páirtí an Lucht Oibre
brian.mcdonagh@cllrs.fingal.ie
086 385 8979

22. An Comh. Jimmy Guerin
Neamhspleách
jimmy.guerin@cllrs.fingal.ie
086 014 3346

23. An Comh. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@cllrs.fingal.ie
087 754 6258

24. An Comh. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@cllrs.fingal.ie
087 993 1329

**Caisleán Cnucha**

25. An Comh. Roderic O'Gorman
An Comhaontas Glas
roderic.ogorman@cllrs.fingal.ie
087 417 9777

26. An Comh Emer Currie
Fine Gael
emer.currie@cllrs.fingal.ie
085 816 1306

27. An Comh. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@cllrs.fingal.ie
087 327 6630

28. An Comh. John Walsh
Páirtí an Lucht Oibre
john.walsh@cllrs.fingal.ie
087 648 6228

29. An Comh. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@cllrs.fingal.ie
087 050 6146

30. An Comh. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@cllrs.fingal.ie
085 128 5493

**Ongar**

31. An Comh. Paul Donnelly
Sinn Fein
paul.donnelly@cllrs.fingal.ie
087 134 1514 or (01) 806 6899

32. An Comh. Tania Doyle
Neamhspleách
tania.doyle@cllrs.fingal.ie
085 780 9292

33 An Comh. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@cllrs.fingal.ie
086 199 5801

34. An Comh. Daniel Whooley
An Comhaontas Glas
daniel.whooley@cllrs.fingal.ie
087 397 8024

35. An Comh. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@cllrs.fingal.ie
087 259 5949

**Baile Bhlainséir - Mullach Eadrad**

36. An Comh. Mary McCamley
Páirtí an Lucht Oibre
mary.mccamley@cllrs.fingal.ie
087 650 1441

37. An Comh. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@cllrs.fingal.ie
087 162 0917

38. An Comh. John Burtachaell
Dlúthpháirtíocht
john.burtchaell@cllrs.fingal.ie
087 102 9372

39. An Comh. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@cllrs.fingal.ie
089 254 4372

40. An Comh. Freddie Cooper
Fianna Fáil
freddie.cooper@cllrs.fingal.ie
087 052 5628